



Cód Iompair / Code of Behaviour 19886D

Gaelscoil Thomáis Dáibhís

Glactha ag an bhfoireann ar an 23/4/23; 15/5/25; MF agus Samhain 2025

Glactha ag Rang 6 agus ag Coiste na dTuistí – M Fómhair 2023; M Fómhair 2025

Glactha ag Coiste na bPáistí – Samhain 2025

Glactha ag an mBord Bainistíochta ar an 19/09/2023; 10/9/25; 25/11/25

Index:

Introduction/ Réamhrá	Ith 3
Rationale / Réasúnaíocht	Ith 3
General Aims/ Aidhmeanna	Ith 3
Policy content/ Ábhar an pholasáí	Ith 4
General Behaviour Guidelines/ Treoracha ginearálta	Ith 4
School Rules/ Rialacha Scoile	Ith 5
Classroom Rules / Rialacha Ranga	Ith 6
Pupil Code of Conduct Conradh an Pháiste	Ith 7 – 9
Safety / Sábháilteacht	
Caring for myself / Mé féin	
Caring for others / Páistí eile	
Caring for our school environment / Timpeallacht na scoile	
Behaviour in the school yard / Sa chlós	
Behaviour in my classroom / Sa rang	
Mobile Phones and digital devices / Fón soghluaiste agus Earraí dhigiteacha	
Bullying/ Bullaíochta	
Reinforcing positive behaviour – general class strategies Straitéisí Mealltacha	Ith 9 – 10
Scoil iomlán agus Oideachas speisialta	
Managing consequences of Unacceptable Behaviour / Bainistiú droch iompar / na hiarmhairtí	Ith 12 - 15
Category 1 Minor misdemeanours	Ith
Category 2 Serious misdemeanours	Ith
Category 3 Gross misdemeanours	Ith
Communication with parents / Cumarsáid le tuistí	Ith 15
Roles and responsibilities / Róil agus freagrachtaí	Ith 16
Implementation Date/Review/Ratification and communication/ Cur i bhfeidhm/ Daingniú	Ith 16
Appendices / Agúisíní	Ith 17
Appendix 1 Rules for National Schools/ Suspension/ Expulsion	Ith 17
Appendix 2 Code of Behaviour for children travelling by bus	Ith 17 - 18
Appendix 3 Sports Code of Behaviour	Ith 19 - 20
Aipindic 4: Cleachtas Aisiríoch	Ith 21
Aipindic 5: Iompar dúshlánach	Ith 22 - 26
Aipindic 5.1: FOIRM ABC	Ith 27
Aipindic 5.2: Tuairisc ar Eachtra tromchúiseach	Ith 22
Aipindic 6: Flonraí agus Díbirt	Ith 28 - 32

‘Mol an óige agus tiocfaidh sí’

Teideal: Cód Iompair

Ráiteas Fís: ‘Mol an óige agus tiocfaidh sí’

Réamhrá:

Cuireadh an polasaí seo le chéile de bharr athbhreithniú ar an gCód Smachta mí Bealtaine 2008. Deineadh athbhreithniú eile agus lorgaíodh tuairimí agus inchur tuismitheoirí, múinteoirí, agus daltaí i 2023.

Ag leagadh amach an polasaí seo, cuireadh san áireamh comhthéasc agus riachtanaisí na scoile seo. ‘Sé aidhm an polasaí ná go ndéanfaí freastal ar riachtanaisí gach uile páiste agus go nglactar le ceart gach pháiste oideachas a fháil i dtimpeallacht saor ó drochiompar agus síor cur isteach.

Glacann foireann, daltaí agus tuismitheoirí na Gaelscoile go gcaithfí deileáil lena gcéile i slí a léiríonn meas agus tuiscint ar a gcéile.

Réasúnaíocht:

Bheartaigh Gaelscoil Thomáis Dáibhís athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Smachta ar na cúiseanna seo.

1. Aitheanta ag foireann scoile mar thosaíochta le linn 2022/23
2. Bhí sé in am athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Smachta de réir dea-chleachtas pleanála.
3. Cód Smachta suas chun dáta ag teastáil de réir Education Welfare Act 2000 Section 23(3), d’Réir Acht Oideachais 1998 agus Rialacha na mBunscoileanna, Rial 130 agus Ag Forbairt Cod Iompair (NEWB 2008).
4. Chun dea-iompar a spreagadh an t-am ar fad ionas go bhforbrófaí féin smacht agus féin mhúinín na bpáistí uile.

Aidhmeanna Ginearálta:

- 1 Tá sé mar phríomhaidhm ag an gCód Smachta féinsmacht sna daltaí a chothú agus é bunaithe ar chuimhneamh ar dhaoine, ar mheas agus ar thuiscint dá chéile.
- 2 Go gcothófar ardchaighdeán smachta ar fud na scoile i dtreo is go mbraithfidh gach páiste sábhailte & go mbeidís in ann lán-fhorbairt a dhéanamh.
- 3 Go gcuirtear tacaíocht agus soiléiriú ar fáil do pháistí chun a bhfreagracht pearsanta agus breithiúnas feasach a fhorbairt ionas go mbeidh siad mar dhéagóirí agus mar dhaoine fásta in ann deighleáil le héilimh a saolta.
- 4 Aithnítear go bhfuil éagsúlachtaí ag baint le páistí agus nach ionann aon bheirt dalta. Déanfar gach iarracht freastal ar na h-éagsúlachtaí aonair agus an polasaí seo á chur i bhfeidhm i slí cothrom.
- 5 Go gcoiméadfar dea-fheidhmiú na scoile ar son gach éinne agus go gcothófar meas ar thimpeallacht na scoile.
- 6 Tá na rialacha leagtha síos i slí dearfach ionas go dtuigfeadh páistí iad go héasca agus cuirtear an cód iompair i bhfeidhm i slí cothrom agus comhsheasmhach.

Ábhar an pholasáí:

1. Féachfar ar an gCód Iompair mar fráma dearfach spreagúil chun deighleáil le hiompar sa scoil.
2. Cuireann an scoil béim níos mó ar luach saothair agus ar duaiseanna ná mar a chuireann sí ar smachtbhannaí toisc go gcreidimid gur fearr na torthaí dá bharr.
3. Cuirfear an Cód Iompair i bhfeidhm i slí cothrom agus comhsheasmhach i gcónaí.
4. Beidh comhoibriú agus spiorad an phobail ag teastail ón bhfoireann, ó na páistí agus ó na tuismitheoirí chun an cód iompair seo a chuir i bhfeidhm go héifeachtach.
5. Aithníonn an cód seo an indibhidiúlacht agus na difríochtaí idir pháistí agus déanfar gach iarracht freastal orthu i sli cothrom.
6. Cruthaítear an cód i gcodanna ar son tuisceana agus le blas dearfach
7. Tá freagracht ar ár bPríomhoide i dtaobh cursaí smachta sa scoil i gcoitinne. ‘Sé freagracht gach múinteora smacht cuí a choimead ina s(h)eomra ranga, maraon le smacht cuí a chur i bhfeidhm timpeall na scoile. Cuirfear daltaí chuig an bpríomhoide de bharr eachtraí tromchúiseacha agus mion eachtraí atá de shíor ag tarlú.

Treoracha d’iompair ginearálta:

Tugann an liosta thíos treor den iompar na bpáistí a bhfuiltear ag súil leis sa Ghaelscoil:

1. Bímid ag súil le dea-iompar ó na páistí agus go léireoidís tuiscint is meas do pháistí eile agus do dhaoine fásta.
2. Bímid ag súil go léireodh gach páiste meas ar sealúchás na scoile, na bpáistí agus dar a ngiurléidí féin.
3. Bímid ag súil go dtiocfadh páistí ar scoil go rialta agus in am.
4. Bímid ag súil go ndéanfaidh gach páistí a d(h)íhceall ar scoil agu leis an obair bhaile (Cuirtear comhbhéim ar obair ó bhéil/ obair mheabhrach agus ar obair scríofa).
5. Le treor on Acht an ChomhStádais 2000, cruthófar plean bainistíocht d’iompair indibhidiúil d’aon pháiste a tharraingíonn drochthionchar ar oideachas a comhleacaithe nó ar na seirbhísí ar fáil do pháistí eile.

Rialacha Scoile:

Cabhróidh na rialacha scoile seo a leanas le gach páiste a leanann iad. ‘Sé an sprioc ná go mbeidh gach páiste ar an eolas faoi conas iad fhéin a chaitheamh le páistí eile, leis an bhfoireann agus le sealúchas.

1. Is í an Gaeilge teanga cumarsáide na scoile agus ní mór do gach páiste ó Rang na Naíonáin Bheaga ar aghaidh í a labhairt. Beimid ag súil go dtabharfaidh na tuismitheoirí/caomhnóirí gach spreagadh do na leanaí agus go ndéanfaidh siad féin iarracht leis í a labhairt, go mórmhór i dtimpeallacht na scoile.
2. Tá sé tábhachtach do na páistí a bheith in am don scoil a thosnaíonn ag 8.45rn. Ní mór d’aon dalta a bhíonn déanach nó as láthair ríomhphost a sheoladh chuig an mhúinteoir ranga nó gaoch a chur ar an rúnaí le miniúchán.
3. Ní mór do gach dalta an éide scoile ceart a chaitheamh. Iarrtar orthu culaith reatha na scoile agus bróga reatha sabháilte a chaitheamh ar lá an Chorpóideachais. Caith bríste gearr na scoile (ní cheadaítear bríste gearra rothaíochta ná O Neills). Cheadaítear O Neills amháin le linn cluiche á nimirt amháin. Cheadaítear luiteoga scoile amháin. Caitear cochailíní Rang 6 ó Fheabhra ar aghaidh. Beidh na dathanna ag meatsáil dathanna scoile an culaith reatha.
4. Ba cheart do gach dalta lón folláin a thabhairt ar scoil.
5. Táimid ag súil go ndéanfaidh gach dalta a (h)obair bhaile i gceart. Ba chóir go mbeadh an obair seo sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir. Munar féidir leis an bpáiste an obair a dhéanamh ba cheart don tuismitheoir/caomhnóir nóta míniúcháin a chur sa dialann nó an t-eolas a thabhairt tríd Aladdin Connect.
6. Iarrtar ar na daltaí a bheith dea-bheásach i gcónaí lena chéile, lena múinteoirí, le foireann uile na scoile agus le cuairteoirí chun na scoile. Tá cosc ar aon sórt drochiompair a tharrangódh drochainm ar an scoil.
7. Ní foláir do na páistí meas a bheith acu ar shealúchas na scoile agus ar shealúchas dhaoine eile agus an scoil a choimeád slachtmhar.
8. Ní cheadaítear cluichí nó earraí luachmhara/seodra a thabhairt ar scoil. Féach ar Uimhir 10.
9. Má tá gá le fón póca / earra dhigiteach a thabhairt ar scoil, múchtar é roimh teacht ar scoil & tugtar an fón póca / earra dhigiteach don mhúinteoir chéad rud ar maidin, le coimeád go dtí deireadh an lae.
10. Níl fáinní cluasa fada ceadaithe ar scoil de bharr cúrsaí sábháilteachta. Cheadaítear fáinní cluasa stoda amháin ar an gcluas. Ní cheadaítear aon saghas pollta eile ar scoil m.sh tá cosc ar phollta ar an aghaidh.
11. Níl cead ag na daltaí a bheith garbh, nó Béarla a labhairt sa chlós. Ní mór dóibh bheith ciúin agus iad i línte le h-ord agus eagar.
12. Siúlann páistí i líne ar chlé sna siúltáin agus géilleann siad slí do dhaoine fásta sa scoil.
13. Ní thugtar cead do pháistí an scoil a fhágaint i rith an lae scoile. Má bhíonn ar thuismitheoir/caomhnóir ag lorg pháiste go luath, ní mór nóta a scríobh don mhúinteoir sa dialann, nóta a sheoladh tríd Aladdin Connect nó gaoch a chuir chuig an rúnaí san oifig.
14. Ar bhonn sabháilteachta, tá sé riachtanach eolas a chur chuig na scoile má tá duine eile seachas tuismitheoir nó caomhnóir ag bailiú do pháiste.

Rialacha Ranga

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

1. Ard a léiriú - “Tabhair dom 5”
 - a. Cluasa ag éisteacht
 - b. Súile ag féachaint
 - c. Liopaí/Beola dúnta
 - d. Lámha ciúin
 - e. Cosa síos (ag suí go deas)
2. Ag siúl sa seomra i gconaí
3. Bí deas cineálta le gach éinne
4. Lámha suas chun rud a rá
5. Mála scoile faoi do bhord
6. Cathaoir isteach
7. Aire a thabhairt dos na bréagáin
8. Glanaigí suas i gceart
9. Line deas díreach

Rang 1-2

1. Beidh mé béasach
2. Cuirfidh mé mo lámh thuas.
3. Éisteoidh mé
4. Beidh mé ag caint as Gaeilge.
5. Siúlfaidh sa seomra ranga, sna siúltán agus ag dul go dtí an clós.
6. Coimeádfaidh mé m’áit néata.

Rang 3-6

1. Labhróidh mé trí Gaeilge ar scoil.
2. Cuirfidh mé suas mo lámh roimh labhairt.
3. Déanfaidh mé m’obairbhaile.
4. Coimeádfaidh mé mo leabhair & mo chóipleabhair deas néata.
5. Beidh mé ciúin & ag éisteacht nuair atá duine eile ag caint.
6. Beidh mé cineálta & béasach le daoine eile.
7. Siúlfaidh mé sa seomra ranga.
8. Siúlfaidh mé ar chlé sna siúltáin.
9. Coimeádfaidh mé m’áit & an seomra ranga néata.
10. Fágfaidh mé an seomra folctha glan i mo dhiaidh.

Conradh an Pháiste

Sábháilteachas:

Tá mo shábháilteacht agus sábháilteacht daoine fíor-thábhachtach i gcónaí. Cinnteoidh mé é seo trí na rudaí seo a leanas a chleachtadh:

1. Beidh mé cúramach ag teacht is ag fágaint na scoile.
2. Siúlfaidh mé i gconaí timpeall na scoile agus siúlfiadh mé ar chlé sna siúltáin. Géillfidh mé slí do dhaoine fásta sna siúltáin.
3. Seasfaidh mé agus labhróidh mé le mo chairde ar maidin roimh scoile agus fágfaidh mé scoil gan mhoill um thráthnóna.
4. Úsáidfidh mé liathróid sa chlós nuair a thugann an múinteoir cead dom ceann a úsáid.
5. Tabharfaidh mé aire dom féin agus do pháistí eile nuair atá mé ag imirt sa chlós.
6. Suífidh mé nuair a ithim mo lón agus fanfaidh mé i mo shuí nuair a fhágann an múinteoir an seomra ranga.
7. Gheobhaidh mé cead ón múinteoir gach uair a fhágaim an scoil roimh an am cheart.
8. Glacfaidh mé páirt in imeachtaí atá sábháilte agus oiriúnach dos na páistí atá timpeall orm.
9. Siúlfaidh mé í line de bheirteanna nuair atá an rang ag dul aon áit (m.sh., turas ar an séipeál, linn snámha, leabharlann srl).
10. Más gá, siúlfaidh mé i gcarchlós na múinteoirí le tionlacan ó dhuine fásta/ mhúinteoir/ ó thuismitheoir.

Mé Féin:

Is duine faoi leith speisialta mé. Leireoidh mé é seo trí na rudaí seo a leanas a chleachtadh.

1. Beidh meas agam ar na rudaí a bhaineann liom agus cóimeádfaidh mé mo mhála, mo leabhair agus mo chóiplebhair in ord.
2. Beidh mé ar scoil gach lá sula mbuaileann an clog ag 8:45m.
3. Caithfidh mé an éide scoile ceart gach lá ar scoil agus ag imeachtaí scoile. Coimeádfaidh mé mé fhéin slachtmhar, néata.
4. Tuigim nár chóir dom aon smidiú, féin dathúcháin, ingne bréigeacha, fabhraí bréigeacha a chaitheamh ar scoil.
5. Tuigim go bhfuil fáinní cluaise stoda agus uaireadóir simplí ceadaithe ar scoil. Ní féidir le m'uaireadóir grianghraifeanna, físeáin, ná teachtaireachtaí a ghlacadh nó a sheoladh.
6. Beidh mo chuid gruaige ceangailte siar ó m'aghaidh. Ní cheadaítear gruaig daite ar scoil
7. Caithfidh mé bróga/ bróga reatha ciallmhara ar scoil. Ní cheadaítear sáilí árda ar bhonn sábháilteachta.
8. Tabharfaidh mé lón sláintiúil ar scoil liom gach lá.
9. Déanfaidh mé mo dhícheall ar scoil i gconaí agus bainfidh mé amach an caighdeán is airde gur féidir liom, tré éisteacht go cúramach, oibriú go dian agus m'obair bhaile a dhéanamh chomh maith agus is féidir liom.
10. Déanfaidh mé mo dhícheall Gaeilge a labhairt le gach éinne ar scoil.

Páistí Eile

Bím i gcónaí aireach faoi pháistí eile sa scoil. Léireoidh mé é seo trí na rudaí seo a chleachtadh.

1. Beidh mé deas le páistí na scoile agus tabharfaidh mé deis do gach páiste imirt liom.
2. Beidh mé cinéalta agus léireoidh mé meas ar dhaoine fásta agus ar chuirteoirí.
3. Déanfaidh mé iarracht a bheidh dearfach agus dea shampla maith a léiriú do pháistí na scoile.

4. Tabharfaidh mé moladh agus spreagadh do pháistí na scoile chomh minic agus is féidir liom.
5. Ní úsáidfidh mé droch theanga ar scoil.
6. Inseoidh mé an fhírinne agus beidh mé macantá i gcónaí.

Timpeallacht na Scoile:

Tuigim agus táim buíoch don timpeallacht álainn scoile atá sa Ghaelscoil.

1. Coimeadfaidh mé m'áit féin & an seomra ranga glan néata.
2. Tabharfaidh mé aire do troscán na scoile.
3. Beidh mé cúramach le trealamh na scoile agus cuirfidh mé é ar ais go néata in san áit a théann sé.
4. Beidh mé aireach nuair atá mé ag úsáid treallamh na bpáistí atá ar scoil liom.

Sa Chlós:

Is áis iontach é clós na scoile le haghaidh imirt agus spórt. Tuigim gur gá a bheith cúramach in áit a bhíonn slua daoine bailithe le chéile. Léireoidh mé é seo trí na rudaí seo a chleachtadh .

1. Siúlfaidh mé go dtí an clós agus fillfidh mé ón gclós i líne singil.
2. Beidh mé ag imirt i slí atá sabháilte, dearfach nuair atáim ar scoil agus tabharfaidh mé aire dos na daoine atá timpeall orm.
3. Is le gach rang a liathróid féin. Má théann sí isteach in achar rang eile, bailíonn páiste ón rang san an liathróid.
4. Tá dhá liathróid ag gach rang. Úsáidtear an tarna cheann má théann an chéad cheann ar strae. Má théann an tarna cheann thar an gcláí, fágtar ann í go deireadh an sosa. Bailítear na liathróidí faoi stiúir an mhúinteora ag deireadh an sosa.
5. Ní chuirfidh mé ceist ar dhaoine ag dul thar bráid an liathróid a chur ar ais chugainn.
6. Leanfaidh mé treoracha an mhúinteora & an chúntóra i gcónaí.
7. Nuair a bhuaílfidh an clog stopfaidh mé aon chluiche nó imirt atá ar siúl agam agus fanfaidh mé i mo sheasamh reoite go dtí go séideann an múinteoir an fhéadóg chun siúl go dtí an líne.
8. Seasfaidh mé sa líne go ciúin ag fanacht le mo mhúinteoir agus stopfaidh mé den chaint tar éis an dara fheadóg.

Le linn Chluichí sa chlós:

1. Cuirfimid fáilte roimh gach éinne. Athróimid rialacha, nó cluichí, chun deis a thabhairt do pháistí eile a bheith páirteach.
2. Imreoidh cluichí sa chlós chun taitneamh a bhaint astu. Níl an toradh nó scór tábhachtach. Tá sé tábhachtach a bheith ag baint taitneamh as comhluadar ár gcáirde.
3. Iompróimid sinn féin sa tslí a chabhróidh le gach éinne taitneamh a bhaint as na cluichí.
4. Pléifimid rialacha go béasach, ag labhairt go séimh le gach éinne.
5. Glacfaimid le rialacha cluichí. Baineann gach éinne taitneamh as cluichí athá féaráilte.

Sa Rang:

Tagaim ar scoil chun foghlaim. Tuigim gur gá dom iarracht a dhéanamh sa rang. Leanfaidh mé an cleachtas seo sa rang:

1. Cuirfidh mé suas mo lámh i gconaí chun aird an mhúinteora fháil.
2. Labhróidh mé go beasach leis an múinteoir agus le páistí eile sa rang.
3. Cuirfidh mé ceisteanna atá oiriúnach agus a spreagfaidh páistí eile chun díospóireacht a chur ar siúl.
4. Éistfidh mé leis an múinteoir agus tabharfaidh mé an meas céanna do pháistí atá ag labhairt.
5. Fanfaidh mé go ciúin ag obair nuair atá an múinteoir gafa nó ag caint le duine eile sa rang.
6. Rachaidh mé siar ar m' obair, léifidh mé leabhar nó scríobhfaidh mé i mo chóipleabhar saorscríbhneoireachta nuair atá mo chuid oibre sa rang déanta agam.
7. Beidh m'áit néata agus eagraithe agam i gconaí ionas sgo mbeidh a fhios agam cá bhfuil gach uirlis agus leabhar a bhaineann liom.
8. Déanfaidh mé mo dhicheall chun foghlaim ar scoil gach lá.

Fón Soghluaiste agus Earraí Dhigiteacha:

Tuigim an tábhacht a bhaineann le húsáid ceart mo fhón soghluaiste /m' earra dhigiteach soghluaiste.

1. Múchfaidh mé mo fhón / m'earra dhigiteach roimh theacht isteach an geata dom.
2. Tabharfaidh mé an fón / earra dhigiteach don mhúinteoir ag tús an lae.
3. Baileoidh mé an fón / earra dhigiteach ag deireadh an lae agus ní chuirfidh mé ar siúl é go dtí go bhfuilim imithe ón scoil.
4. Geallaim nach mbainfidh mé úsáid as mo fhón / earra dhigiteach ag am ar bith gan cead an mhúinteora. Ní cheadáitear a leithéid ach i gcás eisceachtúil.
5. Níl cead uaireadóirí cliste ná Fit Bits a chaitheamh ar scoil. Úsáidim m'uaireadóir chun an t-am a léamh. Tógann a leithéid fócas an dalta ón bhfoghlaim.
6. Bainfeadh fón / earraí dhigiteacha ó dhaltaí nach gclóinn leis an gcóras seo agus is féidir le tuismitheoirí an dalta iad a fháil ar ais trí choinne a dhéanamh leis an múinteoir.
7. Ní bheidh an scoil ná an múinteoir ranga freagrach as fóin/ earraí dhigiteacha caillte nó goidte.

Bullaíocht

Ní dhéanfaidh mé bullaíocht ná ní spreagfaidh mé daoine eile chun bullaíocht a dhéanamh. Inseoidh mé do mo thuismitheoirí agus do mo mhúinteoirí má dhéanann duine iarracht bullaíocht a dhéanamh orm. Ní ghlactar leis agus déanann Gaelscoil Thomáis Dáibhís gach iarracht a bheith mar zón saor ó bhullaíocht. (Féach ar an bpolasaí frith bhullaíochta)

Síniú an Pháiste:

Dáta:

Stráitéisí Mealltacha ag treisiú dea iompair mar shampla:

Córas na bPointí, Class Dojo, moladh agus moladhsa dialann, teastaisí, moladh do thuistí/ chaomhnóirí, jabanna, Am órga, pas obair bhaile, Am breise sa chlós, gradam, cartúin TG4, iPadanna, Cluichí boird, ealaín, garraíodóireacht, turas go dtí an PO.....

Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha

1. Córais éagsúla (pom poms, class dojo, smiley faces, réalt don bhord is fearr srl)
2. Duaiseanna don bhord is fearr mar shampla - ag dul chun na lámha a ní ar dtús
3. Greamáin, stampla sa leabhar (obair iontach)
4. Obair a thaispeáint don mhúinteoir béal dorais
5. Iompar maith a mholadh
6. Post éigin a dhéanamh

Rang 1 & 2

1. Teanga dearfach a úsáid - páistí a mholadh
2. Córas luach saothair ranga do dhea-bhéasaí/dea-iompar.
3. Nóta molta sa dialann.
4. Turas béal dorais/ go dtí an príomhoide le haghaidh moladh.
5. Pas obair bhaile tar éis sprioc faoi leith a shroichint.

Rang 3 - 6

1. Focal ciúin leis an bpáiste ag cur in iúl go bhfuil tú sásta lena gcuid beasaí.
2. Ag moladh páiste os comhair ranga.
3. Córas na bpointí/ na greamán a chur i bhfeidhm.
4. Postanna / dualgais a thabhairt do pháistí atá ag tabhairt deashampla.
5. Nóta a scríobh san dialann ag moladh an pháiste nó an páiste a mholadh nuair a bhuaileann tú le tuismitheoir nó le caomhnóir an linbh.
6. Am órga don rang.
7. Cuairt ar mhúinteoir eile / ar an bPríomhoide chun obair a thaispeáint nó chun a n- iarrachtaí dearfacha a mholadh.
8. Gradam na Gaeilge a bhronnadh ar an bpáiste a dhéanann an iarracht is fearr i dtaobh labhairt na Gaeilge gach seachtain.
9. Am breise a thabhairt don rang sa chlós - 5 – 10 nóiméad.
10. Duais, cárta saor ó obair bhaile a bhronnadh ar an dalta.

Oideachas Speisialta

1. Focal ciúin leis an bpáiste ag cur in iúl go bhfuil tú sásta lena gcuid beasaí.
2. Ag moladh páiste os comhair ranga.
3. Córas na bpointí/ na greamán a chur i bhfeidhm
4. Postanna / dualgais a thabhairt do pháistí atá ag tabhairt deashampla.
5. An páiste a mholadh nuair a bhuaileann tú le tuismitheoir nó le caomhnóir an linbh.
6. Cuairt ar an bPríomhoide chun obair a thaispeáint nó chun a n-iarrachtaí dearfacha a mholadh.
7. Cúntas Iompair a choimead & duais a thabhairt ar an Aoine, (tionscnamh, ealaíon, cócaireacht, am órga le cara, garraíodóireacht).

Ag bainistíú Droch iompar agus na hIarmhairtí

Naíonáin – Rang 6 – is féidir leis an smachtbhanna a bheith nascaithe go díreach leis an ndrochiompar.

1. Aird an pháiste a dhírú ar an míshásamh tré comhartha súile nó seasamh gar dó / di.

2. Moladh a thabhairt don pháiste atá ag tabhairt an deashampla atá ag teastáil.
3. Labhair leis an bpáiste faoi cad atá ar siúl acu agus iarr orthu deashampla a thaispeáint.
4. ‘Beir orthu nuair atá siad go maith’ agus ag feabhsú.
5. Cuir rialacha na scoile in iúl don pháiste.
6. Ceacht O.S.P.S. a mhúineadh don rang más grúpa atá i gceist.
7. Páiste a chur ina s(h)uí ina (h)aonar ag bord, i gcuinne ciúin ar feadh tréimhse faoi leith.
8. Nóta a scríobh chuig na tuismitheoirí /caomhnóirí sa dialann / ar Aladdin.
9. Obair breise a thabhairt don pháiste de réir a rang. Is féidir leis an bpáiste an obair seo a dhéanamh lasmuigh d’oifig an Phríomh Oide nó fé stiúir an mhúinteoir ranga nó sa bhaile le linn na seachtaine nó ag an ndeireadh seachtaine.
10. É / Í a sheoladh chuig an Leas Príomh Oide/ Príomh Oide.
11. Cúntas a choimeád ar Aladdin. Scríobh na fógraí agus an comhairle a tugadh don pháiste agus na hiarmhairtí a míníodh dó / dí.
12. Is féidir le páiste atá imirt rógharbh nó ag cur isteach ar chursaí sa chlós a chur ag seasamh ag an bhfalla ar feadh tréimhse.
13. Páiste a chur chuig rang eile ar feadh tréimhse chun machnamh a dhéanamh ar an ndrochiompar. Is féidir leo obair faighte óna m(h)úinteoir a dhéanamh sa seomra nua.
14. Cuirtear i gcuimhne úsáid na Gaeilge mar theanga chumarsáide. Iarrtar ar pháiste seasamh in aice leis an mballa ar feadh tréimhse má leanann siad orthu ag labhairt as Béarla go leanúnach.
15. Cailliúnt amach ar thurasanna nó imeachtaí scoile. Úsáidtear an smachtbhanna seo má tharlaíonn an droch iompar le linn na himeachta sin nó má tá ceist sábháilteachas bainteach leis an drochiompar léirithe. Caithfear cead an PO a fháil do seo.
16. Má tá páiste de shíor ag cur isteach ar chúrsaí ar scoil, ba chóir foláireamh a thabhairt dóibh. Bíodh sé seo cuairt chuig an bpríomhoide nó cruinniú le tuismitheoirí / caomhnóirí muna dtagann feabhas orthu.
17. Plean iompair aonair a chur i bhfeidhm do pháistí áirithe tar éis labhairt le foireann SET / tuismitheoirí / caomhnóirí agus an páiste. Nóta le cur sa chontanam.
18. Cuirfear an páiste ar fionraí/ amach as an scoil

Cleachtas Aisiríoch – Aipindic 4

Mar scoil, úsáidmid Cleachtas aisiríoch chun coimhlint nó éagóir a phroiseáil. Cuirtear fócas ar an éagóir a dheisiú. Tugann sé deiseanna do pháistí a bheith freagrach as a n-iompar agus a bhfoghlaim. Tugann an próiseas seo deis do gach ball a bheith páirteach. Léiríonn gach seomra ranga agus seomra SET na ceisteanna aisiríoch taobh leis an Riail Órga – Caith le daoine mar go mhaith leat go gcaithfí leat féin. Is iad na 6 cheist ná:

1. Cad a tharla?
2. Cad air a raibh tú ag smaoineamh ag an am?
3. Cad a cheapann rú anois?
4. Conas mar a chuir.....isteach ar ?
5. An raibh aon slí eile chun cúrsaí a bheith difriúil/ níos fearr?
6. Csd is cóir tarlúint anois?

Bulaíocht:

“Is éard atá sa bhulaíocht ná iompar diúltach a dhéanann duine nó grúpa daoine ar bhonn leanúnach i gcoinne duine nó grúpa daoine & a dhéantar ar bhealach briathartha, fisiceach, go cibearach, go siceolaíoch nó mothúchánach.”

Cuirfear na céimeanna atá leagtha amach sa Pholasaí Frithbhulaíochta i bhfeidhm chun dul i ngleic le fadhb na bulaíochta.

1. Moltar do pháistí meas, aire agus tuiscint a léiriú do dhaoine eile ar scoil.
2. Mínítear do pháistí nach féidir glacadh le bulaíocht am ar bith.
3. Beidh múinteoirí ar fheitheoireacht sa chlós i gcónaí aireach don saghas iompar seo.
4. Moltar do pháistí eachtraí bulaíochta a phlé agus a nochtadh dá múinteoirí.
5. Déanfar fiosrú ar eachtraí bulaíochta agus leanfar céimeanna daingean ina leith.
6. Coimeádtar tuairisc d'eachtraí bulaíochta ar Aladdin

Nósanna Imeachta chun deighleáil le droch iompar.

Deileálfar le drochiompar i dtrí chatagóir éagsúla:

Mion eachtraí, drochiompar dáiríre agus mór eachtraí drochiompar. Déanfaidh múinteoirí agus / nó Príomhoide / Leas Príomhoide eachtraí a mheasfaidh agus a chuirfidh san áireamh méid an eachtra/ minicíocht, mar seo a leanas.

Céim 1:

Mion Eachtraí

Samplaí:

Ag cur isteach ar obair ranga, déanach don scoil, ag rith sa siúltán, ag caint sa líne tar éis an dara fhéadóg, ag fágaint a n-áit gan cead le linn lóin, ag fágaint bia/ cartúin bia sa bhosca bruscar, ag fágaint bruscair sa seomra ranga, ag caitheamh an éide scoile go mícheart, drochbhéasach / drochmhúinte le duine, gan obair bhaile a chríochnú, gan a bheith ag obair ar a c(h)umas, mioneachtraí sa chlós, iompair eile den saghas & minicíocht céanna.

Iarmhairtí:

Focal ó bhéal, dul chun reasún /plé leis an dalta, tuairisc den eachtra sa chlós a dhéanamh (ó bhéal leis an múinteoir ranga / scríofa i leabhar an chlóis).

Eachtraí a thárlaíonn go rialta:

1. Foláireamh a thabhairt do dhalta.
2. Nóta ar Aladdin Connect/ Glaoch abhaile chuig tuismitheoirí / caomhnóirí.
3. Tuairisc den eachtra scríobh / ceisteanna aisiríoch a fhreagairt (**Aipindic 1**) / rialacha scoile a scríobh.
4. Nóta sa dialann obair bhaile le siniú ag tuismitheoir / caomhnóir
5. An dalta a scaradh óna gcomhdaltaí do thréimhse sealadach.
6. Dalta a sheoladh chuig múinteoir / rang eile ar an gcaighdeán céanna nó gar do. Usáidfear an céim seo i ndiaidh na stráitéisí eile a úsáid ar dtús. Ní mór a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach dalta a sheoladh chuig rang eile ag an am agus obair faoi leith a leagadh síos agus a aontú.

Céim 2:

Eachtraí Drochiompar Dáiríre:

Samplaí:

Damáiste a dhéanamh do shealúchas scoile / do shealúchas páistí eile, de shíor ag cur isteach ar an rang, ag insint bréige, bulaíocht, ag aisfhreagairt do mhúinteoir / chúntóir/ chuirteoir, ag fágaint na scoile gan cead / ag an scoil i ndiaidh am scoile gan cead, ag úsáid drochttheanga, ag cur iad féin / daltaí eile i mbaol sa chlós, ag gortú páiste eile d'aonghnó, ag tabhairt uirlis dainséarach ar scoil, iompair eile den saghas & minicíocht céanna.

Smachtbhannaí:

1. Dalta a sheoladh chuig an Leas-Príomhoide.
2. Dalta a sheoladh chuig an Príomhoide.
3. Múinteoir ranga ag bualadh le tuismitheoir(i)/ caomhnóir(i).
4. E-phost /glaoch ón bPríomhoide.
5. Uaireanta iarrfar ar thuismitheoir / caomhnóir dul chun réasún lena bpáiste ar an bhfón nó iarrfar orthu teacht chun cainte leo ar scoil nó chun iad a bhailiú.
6. Leas Príomhoide/Príomhoide ag bualadh le tuismitheoir(i)/caomhnóir(i).
7. Cuirfear in iúl é do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta & iarrfar ar thuismitheoir(i) bualadh leis an gCathaoirleach & an Príomhoide.

Le haghaidh córas cruinn i gcás eachtraí bulaíochta, féach ar an bPolasaí Frithbhulaíochta sa scoil.

Céim 3:

Mór Eachtraí Droch Iompar (Iompar ionsaitheach, bagrach, foréigeanach).

Samplaí: Bulaíocht, damáiste a dhéanamh don scoil, iompar ionsaitheach, bagrach, foréigeanach, dírithe ar dhalta / bhall foirne, gadaíocht ó dhalta / bhall foirne, ag úsáid aon substaintí mí-dhleathach ar scoil -tobac, alcól, drugaí, iompair eile den saghas & minicíocht céanna.

Smachtbhannaí:

1. Is féidir le Príomhoide / an Cathaoirleach dalta a chur ar fhionraí láithreach ach socrú a dhéanamh é a phlé le tuismitheoirí / caomhnóirí an dalta agus cead an Bhoird a fháil chomh luath agus is féidir. **Aipindic 1.**
2. Cuirfear díbirt san áireamh i dtoscaí an-dáiríre agus d'réir Rial 130(6) Rialacha Bunscoileanna. **Aipindic 1.**

Is liostaí samplacha iad seo. Ní liostaí iomlán cuimsitheach de mhí-iompar & céimeanna nósanna imeachta iad.

Páistí le Riachtanais Speisialta/ Iompair.

Caithfidh gach páiste cloí leis an gcód iompair. Aithníonn an scoil go dteastaíonn cabhair ó pháistí le riachtanais speisialta/ iompair chun rialacha a thuiscint. Cuirfear pleananna iompair aonair i bhfeidhm tar éis labhairt le tuismitheoirí, múinteoir ranga, múinteoir SET agus/ nó leis an bPríomh Oide. Tabharfaidh gach oide tacaíocht don bhaile agus oibreoidh siad go dlúth leis an dteaghlach. Tabharfar forbairt cognaíoch agus mothúchánach san áireamh sa phlean. Lorgáitear comhairle ó ó seirbhísí eile agus ó mheasúnuithe siceolaíochta.

Múinfear straitéisí do pháistí ranga/ scoile chun cabhrú leis an bpáiste le riachtanais cloí leis na rialacha. Is tacaíocht iad. Déanfar é seo i slí tuisceanach, sábháilte ag aithint agus ag léiriú meas ar an ndifríocht idir gach éinne.

Páistí le Fadhbanna Iompair

1. Beimid profaisiúnta agus comhbhách i gcónaí le páistí le fadhbanna iompair/ mothúchánacha. Tuigimid gur ionann iompar agus cumarsáid agus aithníonn an scoil gur minic gur comhartha é an droch iompar de fadhbanna ag an bpáiste féin nó i dtimpeallacht an pháiste.
2. Má léiríonn páiste fadhb iompair nach bhfuil diagnóisithe, is féidir leis an bPríomh Oide tar éis dul i gcomhairle leis na dtuismitheoirí an páiste a chur ar aghaidh chuig siceolaí ó NEPS nó i gcomhair comhairleoireacht.
3. Úsáidtear córais iompair difriúil do pháistí ina measc beidh, Conradh Iompair nó taifead laethúil ar iompar.
4. Rachaidh múinteoirí i gcomhairle le gníomhaíochtaí seachtracha cuí – SESS, NCSE, NEPS, Le Chéile.

Meastar go bhfuil an iompar thíos luaite dáiríre:

1. Dímheas nó neamhchomhoibriú léirithe chuig baill foirne más eachtra rialta é.
2. Aon aicsean a chuireann páistí nó baill foirne i mbaol.
3. Ag glaoch ainmneacha, ciníochas, bulaíocht agus aon fhoréigean fisiciúil.
4. Fadhb le bainistíocht ar fhearg.
5. Ag déanamh damáiste nó ag goid sealúchais.

Am amach

Téann páistí faoi stiúr an chúntóra chun cleachtas OT (teiripe shaothair) nó chun tréimhse socráithe a dhéanamh ar feadh seal. Beidh na treimhsí seo gearr agus ar chlár ama laethúil más gá. Is féidir leis na sosanna seo a bheith éifeachtach chun an ualach céadfaíoch mothúchánach a bhainistiú.

Tugann an CRS tionlacan do pháistí dul agus filleadh ón gCubbaí do sosanna féin-rialúcháin.

Plean Iompair Aonair

Cuirtear plean iompair aonair le chéile le hionchur ó thuismitheoirí, an páiste, Múinteoir Ranga, Múinteoir SET agus / nó an Príomh Oide. Nóta le cur sa chontanam

‘Sé sprioc an phlean ná go n’éireodh an páiste féinfheasach faoin a iompar agus go mbeidís freagrach as. Seans go ndéanfar ceachtanna ar mhothúcháin/ iompar m.sh Fí na Folláine. Beidh córas duaise i bhfeidhm go seachtainiúil nó go laethúil má oireann sé.

Beidh iarmhairtí de droch iompar mínit9ihe sa phlean ach cuirfear béim I bhfad nío láidre ar obair chuig duaiseanna. Is minic a dhéantar athbhreithniú ar an bplean m.sh go míosúil leis an bhfoireann de thuistí, múinteoirí agus an páiste. Eagraítear na cruinnithe sin roimh ré.

Bainistíocht ar eachtra

Tá beirt den bhfoireann traenála chun idirghabháil i ngéarchéim agus is féidir leo baill foirne a thraenáil. ‘Sé aidhm an idirghabháil ná chun drochiompar a choinneáil ó ghéarú. Bíonn múinteoirí / CRS ag faire amach do na truícír de droch iompar agus freagraíonn siad go cuí.

	Iompar	Freagra
Leibhéal 1	Buairt	Tacaíocht ó bhéil
Leibhéal 2	Cosaint	Roghanna treoraithe
Leibhéal 3	Iompar i mbaol	Idirghabháil fisiciúil
Leibhéal 4	teannas laghdaithe	Comhbhá/ Cleachtas Aisiríoch

Ní bhainfear úsáid as céim 3 ach amháin má tá an páiste i mbaol nó chun daoine eile mórthimpeall a chur i mbaol. Tá an polasaí ar srian fisiciúil dírithe ar idirghabháil fisiciúil.

Taifead

Coiméadtar tuairisc ar eachtraí an chlóis i leabhrán an chlóis. Insíonn an múinteoir a bhíonn ar diúité faoin eachtra don mhúinteoir ranga agus don rúnaí má tá glaoch gutháin le déanamh má tá an páise gortaithe.

Déanann múinteoirí taifead ar eachtraí móra an chlóis sa dialann obair bhaile nó ar an gclár fógra ar Aladdin agus ar doiciméidí Aladdin. Coiméadtar comhfhreagras faoi iompar an pháiste ar Aladdin. Coiméadtar tuairisc ar bhullaíocht ann chomh maith.

Cumarsáid le Tuismitheoirí

Tá polasaí de chumarsáid oscailte le tuismitheoirí ag Gaelscoil Thomáis Dáibhís. Is féidir le tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh le múinteoir nó le Príomhoide na scoile trí choinne a dhéanamh leis an rúnaí. Is féidir teagmháil a dhéanamh freisin tríd an dialann scoile nó tríd e-phost a sheoladh.

Táimid an-bhródúil as ár dtradiisiún de dea iompar i measc daltaí na Gaelscoile agus táimid ag súil go gcabhróidh an polasaí seo chun an tradisiúin san a choimeád.

I gcásanna eachtraí drochiompar dairíre, déanfar teagmháil le tuismitheoirí ó bhéal, trí glaoch a chur nó tríd litir/e-phost. Tabharfar cuireadh do thuismitheoirí teacht isteach go dtí an scoil chun é a phlé. I gcás mór eachtraí nó eachtraí dairíre a tharlaíonn go minic cuirfear fionraí san áireamh. Breathnófar ar iompar ionsaitheach, bagrach nó foréigeanach i leith baill fóirne mar eachtra dairíre nó mar mhór-iompar tromchúiseach ag brath ar na tosca.

I gcásanna droch iompar dairíre leanúnach, cuirfear é seo in iúl do Chathaoirleach an Bhoird agus iarrfar i scríbhinn ar thuismitheoirí teacht chun na scoile chun bualadh leis an gCathaoirleach agus an Príomhoide. Muna dtugann tuismitheoirí geallúint go dtiocfaidh feabhas sásúil ar iompar an dhalta sa todhchaí, d'fhéadfaí an dalta a chur ar fionraí do thréimhse sealadach. Déanfar aon thréimhse fionraíochta a chur i bhfeidhm d'réir Rialacha Bunscoileanna. **Aipindic 1**

I gcás mór eachtra drochiompar, tugann an Bord Bainistíochta cead do Chathaoirleach / Príomhoide dalta a chur ar fionraí sealadach láithreach, ach coinne a dhéanamh leis na tuismitheoirí chun é a phlé.

Má tá aon bhuaire ar thuismitheoir i dtaobh a p(h)áiste, ba chóir dóibh coinne a dhéanamh leis an múinteoir ranga tríd an rúnaí scoile. Cuirfidh an múinteoir aon eolas fé bhráid an Phríomhoide más gá, tar éis iarracht a dhéanamh é a réiteach ag leibhéal ranga ar dtús. Tá an Príomhoide ar fáil do thuismitheoirí atá míshásta le réiteach ag leibhéal ranga nó má tá cás práinneach i gceist. Seo a leanas na céimeanna gur chóir leanúint má tá aon bhuaire ar thuismitheoir i dtaobh a p(h)áiste.

- (1) É a phlé / leis an múinteoir ranga agus teacht ar réiteach
- (2) Múinteoir / tuismitheoir chun bualadh leis an bPríomhoide chun teacht ar réiteach.
- (3) Príomhoide / Tuismitheoir ag cur in iúl don Bhord Bainistíochta má tá aon pháirtí fós míshásta.

Is polasaí scoile é sa Ghaelscoil teagmháil rialta a dhéanamh le tuismitheoirí chun eachtraí iompair a chur in iúl dóibh.

Rólanna agus Freagrachtaí:

1. Is ar Phríomhoide na Gaelscoile atá mór-freagracht an polasaí a chur i bhfeidhm sa scoil.
2. Tá freagracht ar gach ball foirne an polasaí seo a chur i bhfeidhm go laethúil.
3. Tugann an Bord Bainistíochta tacaíocht don Phríomh Oide agus don fhoireann an cód a chur i bhfeidhm.
4. Ní mór do thuismitheoirí agus daltaí Ghaelscoil Thomáis Dáibhís tacú leis an bpolasaí seo chun tairbhe a bhaint as.

Dáta le cur in bhfeidhm:

Cuirfear i bhfeidhm ó

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo nuair a bheidh gá. An chéad athbhreithniú eile i.....

Daingniú & Cumarsáid

Glacadh leis an bpolasaí seo ag cruinniú an Bhoird ar an

